# Cruthanna a Shórtáil

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás – cruthanna 2T, cruthanna 3T<br>Sonraí – sórtáil<br>*Comhtháthú – Teanga* |
| **Scileanna Forbartha** | Cumarsáid agus cur in iúl – éisteacht le cuntais agus míniúcháin mhatamaiticiúla de chuid páistí eile agus iad a phlé<br><br>Cur i bhfeidhm – straitéisí meabhracha agus bealaí oibre a cheapadh agus a úsaid chun tascanna matamaiticiúla a chomhall<br>- láimhseoga cuí a úsáid chun tascanna agus próisis mhatamaiticiúla a chomhall<br><br>Tuiscint agus tabhairt chun cuimhne – téarmaíocht agus fíorais a thuiscint agus a mheabhrú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | cearnóg, ciorcal, triantán, dronuilleog, ciúb, ciúbóideach, sorcóir, sféar, pirimid, critéir, sórtáil, dathanna – dearg, buí, gorm |
| **Áiseanna** | cruthanna 2T agus 3T (cé gur cruthanna 3T iad cruthanna cothroma '2T' i ndáiríre, is féidir áiseanna cosúil le bloic thréithe a úsáid chun sin a léiriú i gcás mar seo), Léaráid Carroll le feidhm tarraingt agus scaoil ar scáileán, Uirlis Sórtála Mol Mata |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

Ar dtús, i mbeirteanna nó i ngrúpaí, úsáideann daltaí Léaráid Carroll chun roinnt cruthanna 2T/3T a shórtáil de réir critéar amháin, m.sh. 'Cearnóg' agus 'Ní cearnóg í'. Tugtar cruthanna ón liosta thuas a bhfuil dathanna éagsúla orthu do dhaltaí. Déanann na daltaí na cruthanna a shórtáil go fisiceach i ngrúpaí. Ansin, sórtálann siad le haghaidh dhá chritéar, m.sh. cearnóg/ní cearnóg í agus dearg / Níl sé dearg.

Sórtálann siad na cruthanna go fisiceach ar dtús, ansin úsáideann siad Uirlis Sórtála Mol Mata lena dhéanamh. Is féidir leo a gcuid oibre a phriontáil nó a íoslódáil.

Ar deireadh, úsáidfidh na daltaí a Léaráid Carroll féin agus sórtálfaidh siad ag úsáid critéar a roghnaigh siad iad féin. Pléifidh siad a rogha de chritéir agus seasfaidh siad leo.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén cruth é seo?<br>• Is cearnóg/dronuilleog/ciúb é/í srl.<br>• Cén dath atá ar an gcruth seo?<br>• Cad a chiallaíonn critéir? | • Cén critéar is féidir linn a úsáid chun na cruthanna a shórtáil?<br>• Cén chaoi ar féidir linn na cruthanna a shórtáil?<br>• Déan cur síos ar an gcruth.<br>• Déan cur síos ar an gcaoi a sórtálfaidh muid na cruthanna de réir a gcritéar.<br>• Inis dom faoi do thacair. |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.
Is féidir cruthanna difriúla a úsáid, ag brath ar eolas/ábaltacht an dalta.
De réir mar a bhogann daltaí ar aghaidh, is féidir cruthanna 2T/3T eile a bhfuil saintréithe éagsúla orthu a úsáid le haghaidh sórtála.

Léaráid Carroll

# Cruthanna a Shórtáil

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |

Léaráid Carroll





